

Cúirt an Meán Oíce

Ba gnáth mé ag siúl le ciumais na habann
Ar báinseac úr is an drúct go trom,
In aice na gcoillte, i gcoim an tslé',
Gan maírg, gan moill, ar sóilse an lae.
Do ghealađ mo croí nuair cinn Loč Gréine,
An talam, an tír, is íor na spéire;
Taitneamač aoibinn suíom na sléibte
Ag bagairt a gcinn tar droim a céile.
Do ghealfad an croí beađ críon le cianta,
Caite gan brí, nó líonta de pianta,
An séitleac searb gan sealb gan saibreas
D'féačfad tamall tar barra na gcoillte
Ar lačain 'na scuainte ar čuan gan čeo
'S an eala ar a bfuaid 's í ag gluaiseačt leo;
Na héisc le meidir ag éirí in airde,
Péirse im rađarc go taibseac tarrbreac,
Dat an loča agus gorm na dtonn
Ag teačt go toлгаc torannač trom.
Bíod éanlaít i gcrainn go meidreač mómar
Is léimneac eilte i gcoillte im cóngar,
Géimreač adairce is rađarc ar slóite,
Tréanrit gađar is Reynard rómpu.